AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA M.75T

# STAIDÉAR FOIRGNÍOCHTA - CUID 1 (TEOIRIC)

## GNÁTHLEIBHÉAL

**DÉARDAOIN, 24 MEITHEAMH - 2.00 go dtí 4.30**

**(Tá 200 marc ag dul don pháipéar seo)**

---

**(a)** Freagair Ceist 1 agus trí cheist eile.
**(b)** Ní mór na freagraí a scríobh i ndúch agus na líníochtaí agus na sceitsí a dhéanamh le peann luaidhe.
**(c)** Scríobh uimhir na ceiste go soiléir i gciumhais an pháipéir roimh gach freagra ar leith.
**(d)** Ba chóir saorsceitsí nó léaráidí a dhéanamh chun tuairiscí scríofa a léiriú.
**(e)** Ní mór ainm, méideanna, toisí agus sonraí riachtanacha eile i gcás gach ábhar ar leith a luaitear a bhreacadh ar an líníocht.
**(f)** Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc.

---

**1.** Tá fuinneog adhmaid, ag a bhfuil sais as-oscailteach, le feistiú i gcuasbhalla inslithe 300mm a bhfuil rindreáil sheachtrach déanta air, agus a bhfuil cruaphlástar balla air laistigh. De réir scála 1:5, tarraing gearradh ceartingearach trí cheann na fuinneoige agus tríd an tsais, ag taispeáint na sonraí foirgníochta cuí uile, ó 300mm os cionn fhráma na fuinneoige go dtí 100mm faoi bhun na saise.

**2.** Bain úsáid as nótaí agus as sceitsí chun cur síos a dhéanamh ar DHÁ chóras éagsúla téimh lárnaigh atá oiriúnach do theach cónaithe teaghlaigh. Liostaigh na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le gach córas faoi leith díobh.

**3.** **(a)** Cén fheidhm atá le hinsliú teirmeach?
**(b)** Déan cur síos, le cúnamh sceitsí, ar an gcaoi a mbaintear úsáid as insliú teirmeach i ngach ionad faoi seach díobh seo a leanas:
**(i)** an díon; **(ii)** na ballaí; **(iii)** an t-urlár.

I ngach cás díobh, luaigh an cineál islithe ar baineadh feidhm as agus mínigh cad iad na cúinsí a roghnaítear tiús áirithe seachas a chéile.

**4.** Déan cur síos, le cúnamh sceitsí, ar DHÁ mhodh chun taca a chur faoi sheilfeanna atá oiriúnach chun leabhair a choimeád. Déan comparáid idir an dá mhodh agus luaigh cén uair ba chóir iad a úsáid.

**5.** Mínigh go cruinn an tsraith oibríochtaí is gá chun adhmad úr a réiteach agus a phéinteáil le húsáid lasmuigh.

**6.** Pléigh na cúinsí a chuirtear san áireamh agus bailchríocha á roghnú le haghaidh urlár na cistine. Déan comparáid idir dhá chineál ar bith clúdachurláir a bheadh oiriúnach do chistin, agus déan tagairt do:
**(a)** airíonna; **(b)** cothabháil; **(c)** inmharthanacht.

**7.** Déan cur síos, le cúnamh sceitsí, ar an gcaoi a gcumtar oscailtí do dhoirse agus d'fhuinneoga i mballaí brící.

**8.** Déan cur síos, le cúnamh sceitsí néata, ar cad iad agus cad chuige CEITHRE cinn ar bith díobh seo a leanas:

**(i)** galbhacainn;
**(ii)** cúrsa taisdíonach;
**(iii)** dúnadh cuasaigh;
**(iv)** ballacheangal;
**(v)** croíleacán crua;
**(vi)** fotha coincréite.

**9.** Déan cur síos ar an gcaoi a ndéanfá suirbhé ar riocht bungaló seachtó bliain d'aois agus luaigh cad iad na fadhbanna a mbeadh súil agat leo.